II

(Gníomhartha neamhreachtacha)

RIALACHÁIN

RIALACHÁN CUR CHUN FEIDHME (AE) 2021/404 ÓN gCOIMISIÚN

an 24 Márta 2021

lena leagtar síos na liostaí de thríú tíortha, de thríú críocha nó de chriosanna díobh óna gceadaítear ainmhithe, táirgí geirmeacha agus táirgí de bhunadh ainmhíoch teacht isteach san Aontas i gcomhréir le Rialachán (AE) 2016/429 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) 2016/429 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 9 Márta 2016 maidir le galair in-tarchurtha ainmhithe agus lena leasaítear agus lena n-aisghairtear gníomhartha áirithe i réimse na sláinte ainmhithe ("Dlí maidir le Sláinte Ainmhithe") ([1]), agus go háirithe Airteagal 230(1) de,

De bharr an méid seo a leanas:

(1) Le Rialachán (AE) 2016/429 leagtar síos, inter alia, na ceanglais sláinte ainmhithe maidir le coinsíneachtaí ainmhithe, táirgí geirmeacha agus táirgí de bhunadh ainmhíoch teacht isteach san Aontas, agus tá feidhm aige ón 21 Aibreán 2021. Ceann de na ceanglais sláinte ainmhithe sin is ea nach mór do na coinsíneachtaí sin teacht ó thríú tír nó ó thríú críoch, nó ó chrios nó ó dheighleog di, i gcomhréir le hAirteagal 230(1) den Rialachán sin.

(2) Tá Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/692 ón gCoimisiún ([2]) mar fhorlíonadh ar Rialachán (AE) 2016/429 a mhéid a bhaineann le ceanglais sláinte ainmhithe maidir le coinsíneachtaí speiceas agus catagóirí áirithe d'ainmhithe, de tháirgí geirmeacha agus de tháirgí de bhunadh ainmhíoch teacht isteach san Aontas ó thríú tíortha nó ó thríú críocha nó ó chriosanna díobh, nó ó dheighleoga díobh i gcás ainmhithe uisceacha. Le pointe (a) d'Airteagal 3 de Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/692, foráiltear nach gceadófar coinsíneachtaí ainmhithe, táirgí geirmeacha ná táirgí de bhunadh ainmhíoch a thagann faoina raon feidhme a thabhairt isteach san Aontas ach amháin má thagann siad ó thríú tír nó ó thríú hríoch, nó ó chrios nó ó dheighleog di, a liostaítear le haghaidh an speicis agus na gcatagóirí áirithe sin d'ainmhithe, de tháirgí geirmeacha agus de tháirgí de bhunadh ainmhíoch i gcomhréir leis na ceanglais sláinte ainmhithe a leagtar síos sa Rialachán Tarmligthe.

(3) Dá bhrí sin, leis an Rialachán seo ba cheart na liostaí de thríú tíortha, de thríú críocha nó de chriosanna díobh, nó de dheighleoga díobh i gcás ainmhithe dobharshaothraithe, a bhunú ónar cheart tabhairt isteach san Aontas a cheadú, ar tabhairt isteach na speiceas agus na gcatagóirí d'ainmhithe, de tháirgí geirmeacha agus de tháirgí de bhunadh ainmhíoch a thagann faoi raon feidhme Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/692 í, i gcomhréir leis na critéir a leagtar síos in Airteagal 230(1) de Rialachán (AE) 2016/429.

([1]) Rialachán (AE) 2016/429 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 9 Márta 2016 maidir le galair in-tarchurtha ainmhithe agus lena leasaítear agus lena n-aisghairtear gníomhartha áirithe i réimse na sláinte ainmhithe ("Dlí maidir le Sláinte Ainmhithe")(IO L 84, 31.3.2016, lch. 1).

([2]) Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/692 ón gCoimisiún an 30 Eanáir 2020 lena bhforlíontar Rialachán (AE) 2016/429 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le rialacha maidir le coinsíneachtaí ainmhithe áirithe, táirgí geirmeacha agus táirgí de bhunadh ainmhíoch teacht isteach san Aontas, agus maidir lena ngluaiseacht agus lena láimhseáil tar éis iad teacht isteach (IO L 174, 3.6.2020, lch. 379).

(4) Faoi láthair, déantar na liostaí de thríú tíortha agus de thríú críocha nó de chriosanna díobh, óna gceadaítear speicis agus catagóirí sonracha d'ainmhithe, de tháirgí geirmeacha agus de tháirgí de bhunadh ainmhíoch teacht isteach san Aontas, a leagan síos i ngníomhartha éagsúla ón gCoimisiún. I dtús báire, leagtar liostaí síos i gCinneadh 2007/777/CE ón gCoimisiún ([3]), i Rialachán (CE) Uimh. 798/2008 ón gCoimisiún ([4]), i Rialachán (CE) Uimh. 119/2009 ón gCoimisiún ([5]), i Rialachán (AE) Uimh. 206/2010 ón gCoimisiún ([6]), i Rialachán (AE) Uimh. 605/2010 ón gCoimisiún ([7]), i Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 139/2013 ón gCoimisiún ([8]) agus i Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2016/759 ón gCoimisiún ([9]), agus aisghairtear gach ceann díobh le Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/692 le héifeacht ón 21 Aibreán 2021. Ina theannta sin, leagtar liostaí eile síos i gCinneadh 2006/168/CE ón gCoimisiún ([10]), i gCinneadh 2008/636/CE ón gCoimisiún ([11]), i Rialachán (CE) Uimh. 1251/2008 ón gCoimisiún ([12]), i gCinneadh 2010/472/AE ón gCoimisiún ([13]), i gCinneadh Cur Chun Feidhme 2011/630/AE ón gCoimisiún ([14]), i gCinneadh Cur Chun Feidhme 2012/137/AE ón gCoimisiún ([15]), i Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2018/659 agus i gCinneadh (AE) 2019/294 ón gCoimisiún ([16]), agus aisghairtear gach ceann díobh leis an Rialachán Cur Chun Feidhme seo.

(5) Faoin gcreat sláinte ainmhithe nua, arna bhunú le Rialachán (AE) 2016/429, is iomchuí a chomhcheangal i ngníomh aonair ón gCoimisiún tacar liostaí iomlán de thríú tíortha, de thríú críocha nó de chriosanna díobh atá údaraithe ar bhonn ceanglais sláinte ainmhithe le haghaidh coinsíneachtaí ainmhithe, táirgí geirmeacha agus táirgí de bhunadh ainmhíoch a thagann faoi raon feidhme Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/692 teacht isteach san Aontas. Tá an méid sin i gcomhréir leis an gcur chuige arna ghlacadh le Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/692, ina bhfuil na ceanglais sláinte ainmhithe maidir leis na coinsíneachtaí sin teacht isteach san Aontas leagtha síos i ngníomh aonair ón gCoimisiún. In theannta sin, déantar foráil ann maidir le breis comhsheasmhachta agus trédhearcachta i reachtaíocht an Aontais.

([3]) Cinneadh 2007/777/CE ón gCoimisiún an 29 Samhain 2007 lena leagtar síos na coinníollacha sláinte ainmhithe agus poiblí agus na deimhnithe caighdeánacha maidir le hallmhairí táirgí feola áirithe agus goilí, lamhnáin agus inní cóireáilte lena gcaitheamh ag an duine, arb ó thríú tíortha iad, agus lena n-aisghairtear Cinneadh 2005/432/CE (IO L 312, 30.11.2007, lch. 49).

([4]) Rialachán (CE) Uimh. 798/2008 ón gCoimisiún an 8 Lúnasa 2008 lena leagtar síos liosta de thríú tíortha, de thríú críocha, de chriosanna nó de dheighleoga óna bhféadfar éanlaith chlóis agus táirgí éanlaithe clóis a allmhairiú isteach sa Chomhphobal agus a chur ar idirthuras tríd agus na ceanglais maidir le deimhniúchán tréidliachta (IO L 226, 23.8.2008, lch. 1).

([5]) Rialachán (CE) Uimh. 119/2009 ón gCoimisiún an 9 Feabhra 2009 lena leagtar síos liosta de thríú tíortha, nó de chodanna díobh, maidir le feoil leipirideach fiáin, mamach talún fiáin áirithe agus coiníní saothraithe a allmhairiú isteach sa Chomhphobal nó a chur ar idirthuras tríd agus na ceanglais maidir le deimhniúchán tréidliachta (IO L 39, 10.2.2009, lch. 12).

([6]) Rialachán (AE) Uimh. 206/2010 ón gCoimisiún an 12 Márta 2010 lena leagtar síos liostaí de thríú tíortha, de thríú hríocha nó de chodanna díobh óna n-údaraítear ainmhithe agus feoil úr áirithe a thabhairt isteach san Aontas Eorpach agus na ceanglais maidir le deimhniúchán tréidliachta (IO L 73, 20.3.2010, lch. 1).

([7]) Rialachán (AE) Uimh. 605/2010 ón gCoimisiún an 2 Iúil 2010 lena leagtar síos coinníollacha sláinte ainmhithe agus poiblí chomh maith le coinníollacha maidir le deimhniúchán tréidliachta le haghaidh bainne amh, táirgí déiríochta, gruth buí agus táirgí bunaithe ar ghruth buí atá beartaithe lena gcaitheamh ag an duine, a thabhairt isteach san Aontas Eorpach (IO L 175, 10.7.2010, lch. 1).

([8]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 139/2013 ón gCoimisiún an 7 Eanáir 2013 lena leagtar síos coinníollacha sláinte ainmhithe maidir le héin áirithe a allmhairiú isteach san Aontas agus na coinníollacha coraintín lena mbaineann (IO L 47, 20.2.2013, lch. 1).

([9]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2016/759 ón gCoimisiún an 28 Aibreán 2016 lena dtarraingítear suas liostaí de thríú tíortha, de chodanna de thríú tíortha agus de thríú críocha óna n-údaraítear do na Ballstáit táirgí áirithe de bhunadh ainmhíoch atá beartaithe lena gcaitheamh ag an duine a thabhairt isteach san Aontas, lena leagtar síos ceanglais maidir le deimhnithe, lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 2074/2005 agus lena n-aisghairtear Cinneadh 2003/812/CE (IO L 126, 14.5.2016, lch. 13).

([10]) Cinneadh 2006/168/CE ón gCoimisiún an 4 Eanáir 2006 lena mbunaítear na ceanglais maidir le sláinte ainmhithe agus deimhniúchán tréidliachta le haghaidh suthanna buaibheacha a allmhairiú isteach sa Chomhphobal agus lena n-aisghairtear Cinneadh 2005/217/CE (IO L 57, 28.2.2006, lch. 19).

([11]) Cinneadh 2008/636/CE ón gCoimisiún an 22 Iúil 2008 lena mbunaítear an liosta de thríú tíortha óna n-údaraítear do na Ballstáit ubháin agus suthanna den speiceas mucach a allmhairiú (IO L 206, 2.8.2008, lch. 32).

([12]) Rialachán (CE) Uimh. 1251/2008 ón gCoimisiún an 12 Nollaig 2008 lena gcuirtear chun feidhme Treoir 2006/88/CE ón gComhairle a mhéid a bhaineann le coinníollacha agus ceanglais maidir le deimhniúchán le haghaidh ainmhithe dobharshaothraithe agus táirgí díobh a chur ar an margadh agus a allmhairiú isteach sa Chomhphobal agus lena leagtar síos liosta de speicis veicteora (IO L 337, 16.12.2008, lch. 41).

([13]) Cinneadh 2010/472/AE ón gCoimisiún an 26 Lúnasa 2010 maidir le seamhan, ubháin agus suthanna ainmhithe den speiceas caorach agus den speiceas gabhair a allmhairiú isteach san Aontas (IO L 228, 31.8.2010, lch. 74).

([14]) Cinneadh Cur Chun Feidhme 2011/630/AE an 20 Meán Fómhair 2011 ón gCoimisiún maidir le seamhan ainmhithe clóis den speiceas buaibheach a allmhairiú isteach san Aontas (IO L 247, 24.9.2011, lch. 32).

([15]) Cinneadh Cur Chun Feidhme 2012/137/AE an 1 Márta 2012 maidir le seamhan ainmhithe clóis den speiceas mucach a allmhairiú isteach san Aontas (IO L 64, 3.3.2012, lch. 29).

([16]) Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2019/294 ón gCoimisiún an 18 Feabhra 2019 lena leagtar síos an liosta de thríú críocha agus de thríú tíortha óna n-údaraítear madraí, cait agus firéid a allmhairiú isteach san Aontas agus deimhniú sláinte ainmhithe caighdeánach na n-allmhairí sin (IO L 48, 20.2.2019, lch. 41).

(6) Ar an gcúis sin, ba cheart Cinntí 2006/168/CE, 2008/636/CE, Rialachán (CE) Uimh. 1251/2008, Cinneadh 2010/472/AE, agus Cinntí Cur Chun Feidhme 2011/630/AE agus 2012/137/AE, Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2018/659 agus Cinneadh (AE) 2019/294 a aisghairm ón 21 Aibreán 2021. Dá bhrí sin, leis an Rialachán seo ba cheart liostaí nua de thríú tíortha agus de chríocha nó de chriosanna díobh a bhunú a chuirfear in ionad na liostaí reatha de thríú tíortha agus de thríú críocha nó de chriosanna nó de dheighleoga díobh óna gceadaítear coinsíneachtaí ainmhithe, táirgí geirmeacha agus táirgí de bhunadh ainmhíoch teacht isteach san Aontas. Déantar na liostaí reatha a tharraingt suas maidir le sláinte ainmhithe agus sábháilteacht bia araon, i gcás inarb ábhartha. Mar sin féin, ba cheart na liostaí nua a tharraingt suas ar leithligh ar bhonn go háirithe na gceanglas sláinte ainmhithe dá bhforáiltear i Rialachán (AE) 2016/429 agus na gceanglas sábháilteachta bia dá bhforáiltear i Rialachán (AE) 2017/625.

(7) I gcásanna áirithe, ní chomhlíontar na critéir uile a leagtar síos in Airteagal 230(1) de Rialachán (AE) 2016/429 ná na ceanglais sláinte ainmhithe ábhartha a leagtar síos i Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/692 ach amháin i gcriosanna nó i ndeighleoga áirithe de thríú tír nó de thríú críoch. Sna cásanna sin, maidir le speicis agus catagóirí áirithe d'ainmhithe, de tháirgí geirmeacha agus de tháirgí de bhunadh ainmhíoch teacht isteach san Aontas, níor cheart é sin a cheadú ach amháin má thagann na speicis agus na catagóirí áirithe sin ó na criosanna nó ó na deighleoga sin de chuid an tríú tír nó an tríú críoch. Dá bhrí sin, leis an Rialachán seo ba cheart an crios nó na criosanna, nó an deighleog (na deighleoga) a shonrú go soiléir i ngach liosta i gcás ainmhithe dobharshaothraithe, de chuid na dtríú tíortha nó na tríú críocha ina gcomhlíontar na ceanglais sláinte ainmhithe sin.

(8) Le pointe (c) d'Airteagal 231 de Rialachán (AE) 2016/429, foráiltear gur cheart na coinníollacha sonracha agus na ráthaíochtaí sláinte ainmhithe maidir le galair liostaithe atá le comhlíonadh ag na tríú tíortha nó na tríú críocha a shonrú freisin sna liostaí arna leagan síos ag an gCoimisiún de bhun Airteagal 230(1) den Rialachán sin. Dá bhrí sin, ba cheart foráil a dhéanamh leis an Rialachán seo, i gcás inarb ábhartha, maidir leis na coinníollacha agus leis na ráthaíochtaí sláinte ainmhithe sonracha sin, agus cúinsí sláinte ainmhithe sonracha an tríú tír nó an tríú críoch tionscnaimh nó an chreasa di, nó na deighleoige di i gcás ainmhithe dobharshaothraithe, á gcur san áireamh chomh maith leis na speicis shonracha agus na catagóirí sonracha d'ainmhithe, de tháirgí geirmeacha agus de tháirgí de bhunadh ainmhíoch lena mbaineann.

(9) Le Cuid VI de Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/692, leagtar amach rialacha speisialta maidir le coinsíneachtaí de speicis agus de chatagóirí áirithe d'ainmhithe, de tháirgí geirmeacha agus de tháirgí de bhunadh ainmhíoch nach é an tAontas a gceann scríbe deiridh, agus coinsíneachtaí de speicis agus de chatagóirí áirithe d'ainmhithe, de tháirgí geirmeacha agus de tháirgí de bhunadh ainmhíoch, ar de thionscnamh an Aontais iad agus atá ag dul ar ais chuig an Aontas, teacht isteach san Aontas. Go háirithe, leis an Rialachán sin déantar foráil maidir leis an bhféidearthacht údarú a thabhairt do na coinsíneachtaí sin, nach gcomhlíontar na ceanglais sláinte ainmhithe ábhartha uile leo, teacht isteach san Aontas faoi réir comhlíonadh coinníollacha sonracha. Dá bhrí sin, leis an Rialachán seo ba cheart na coinníollacha sláinte ainmhithe sonracha a leagan síos lenar cheart na coinsíneachtaí sin a chomhlíonadh leis chun teacht isteach san Aontas.

(10) De bhun an Chomhaontaithe maidir leis an Limistéar Eorpach Eacnamaíoch, ní tríú tíortha iad Stáit Chomhlachas Saorthrádála na hEorpa (CSTE) den Limistéar Eorpach Eacnamaíoch agus iad ag trádáil le Ballstáit an Aontais i réimsí a rialaítear leis an gComhaontú maidir leis an Limistéar Eorpach Eacnamaíoch.

(11) Ós rud é go bhfuil na rialacha a leagtar síos sa Rialachán seo le cur i bhfeidhm in éineacht leis na rialacha a leagtar síos i Rialachán (AE) 2016/429 agus i Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/692, ba cheart feidhm a bheith ag an Rialachán seo freisin ón 21 Aibreán 2021.

(12) Tá na bearta dá bhforáiltear sa Rialachán seo i gcomhréir le tuairim an Bhuanchoiste um Plandaí, Ainmhithe, Bia agus Beatha,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Ábhar agus raon feidhme

Leis an Rialachán seo leagtar síos na liostaí de thríú tíortha, de thríú críocha nó de chriosanna díobh, nó de dheighleoga díobh i gcás ainmhithe dobharshaothraithe, óna bhfuil tabhairt isteach coinsíneachtaí san Aontas, ar coinsíneachtaí iad de speicis agus de chatagóirí d'ainmhithe, de tháirgí geirmeacha agus de tháirgí de bhunadh ainmhíoch a thagann faoi raon feidhme Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/692 le bheith ceadaithe. Déantar na liostaí agus rialacha ginearálta áirithe maidir leis na liostaí a leagan amach in Iarscríbhinní I go XXII a ghabhann leis an Rialachán seo.

Leagtar coinníollacha sonracha agus ráthaíochtaí sláinte ainmhithe síos ann freisin maidir le coinsíneachtaí áirithe teacht isteach san Aontas agus sonraítear na deimhnithe sláinte ainmhithe caighdeánacha atá le húsáid ag an tríú tír nó ag an tríú críoch thionscnaimh na gcoinsíneachtaí.

Airteagal 2

Sainmhínithe

Chun críche an Rialacháin seo, tá feidhm ag na sainmhínithe a leagtar síos in Airteagal 2 de Rialachán (AE) 2020/692.

Airteagal 3

Liostaí de thríú tíortha, de thríú críocha nó de chriosanna nó de dheighleoga díobh óna gceadófar ainmhithe, táirgí geirmeacha agus táirgí de bhunadh ainmhíoch teacht isteach san Aontas

1. Maidir le coinsíneachtaí na speiceas agus na gcatagóirí d'ainmhithe, de tháirgí geirmeacha agus de tháirgí de bhunadh ainmhíoch a thagann faoi raon feidhme Rialachán (AE) 2020/692 teacht isteach san Aontas, ní cheadóidh an t-údarás inniúil é sin ach amháin má dhéantar an tríú tír nó an tríú críoch thionscnaimh na coinsíneachta, nó crios nó deighleog di, a liostú le haghaidh an speicis agus na catagóire sonraí d'ainmhithe, de tháirgí geirmeacha nó de tháirgí de bhunadh ainmhíoch agus an deimhniú sláinte ainmhithe a bheith ag gabháil leis an gcoinsíneacht a cheanglaítear a bheith ag gabháil le coinsíneachtaí de na speicis agus de na catagóirí sin sa tábla arna chur ar bun i gCuid 1 díobh seo a leanas:

(a) Iarscríbhinn II le haghaidh crúbach seachas:

  (i) each-ainmhithe;

  (ii) crúbacha atá sé beartaithe a choinneáil i mbunaíochtaí teoranta;

(b) Iarscríbhinn III le haghaidh crúbacha atá sé beartaithe a choinneáil i mbunaíochtaí teoranta;

(c) Iarscríbhinn IV le haghaidh each-ainmhithe;

(d) Iarscríbhinn V le haghaidh éanlaith chlóis agus táirgí geirmeacha ó éanlaith chlóis;

(e) Iarscríbhinn VI le haghaidh éin i mbraighdeanas agus táirgí geirmeacha ó éin i mbraighdeanas;

(f) Iarscríbhinn VII le haghaidh cráinbheacha meala agus bumbóg;

(g) Iarscríbhinn VIII le haghaidh madraí, cat agus firéad;

(h) Iarscríbhinn IX le haghaidh táirgí geirmeacha ó bhó-ainmhithe;

(i) Iarscríbhinn X le haghaidh táirgí geirmeacha ó ainmhithe den chineál caorach agus ó ainmhithe den chineál gabhair;

(j) Iarscríbhinn XI le haghaidh táirgí geirmeacha ó mhuc-ainmhithe;

(k) Iarscríbhinn XII le haghaidh táirgí geirmeacha ó each-ainmhithe

(l) Iarscríbhinn XIII le haghaidh feoil úr ó chrúbacha;

(m) Iarscríbhinn XIV le haghaidh feoil úr ó éanlaith chlóis agus ó éin ghéim;

(n) Iarscríbhinn XV le haghaidh táirgí feola ó chrúbacha, ó éanlaith chlóis agus ó éin ghéim mar a leanas:

  (i) Roinn A de Chuid 1 le haghaidh táirgí feola ar a ndearnadh an chóireáil maolúcháin riosca neamhshonrach A, nó cóireáil B, cóireáil C nó cóireáil D le haghaidh táirgí feola (i gcomhréir le hIarscríbhinn XXVI a ghabhann le Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/692);

  (ii) Roinn B de Chuid 1 le haghaidh cineál táirgí biltong/seirgeola ó chrúbacha, ó éanlaith chlóis agus ó éin ghéim;

(o) Iarscríbhinn XVI le haghaidh cásálacha;

(p) Iarscríbhinn XVII le haghaidh bainne, gruth buí agus táirgí bunaithe ar ghruth buí agus táirgí déiríochta a dhíorthaítear ó bhainne amh agus táirgí déiríochta nach gceanglaítear cóireáil maolúcháin riosca shonrach a dhéanamh orthu in aghaidh an ghalair crúb is béil;

(q) Iarscríbhinn XVIII le haghaidh táirgí déiríochta a cheanglaítear cóireáil maolúcháin riosca shonrach a dhéanamh orthu in aghaidh an ghalair crúb is béil;

(r) Iarscríbhinn XIX le haghaidh uibheacha agus táirgí uibhe;

(s) Iarscríbhinn XX le haghaidh táirgí de bhunadh ainmhíoch ar úsáid phearsanta atá beartaithe ina leith;

(t) Iarscríbhinn XXI le haghaidh ainmhithe uisceacha de speicis liostaithe atá sé beartaithe a chur i mbunaíochtaí dobharshaothraithe, a scaoileadh amach san fhiadhúlra nó atá sé beartaithe a úsáid chun críoch eile seachas chun a gcaite go díreach ag an duine, chomh maith le hainmhithe uisceacha áirithe de speicis liostaithe agus táirgí de bhunadh ainmhíoch ó na speicis liostaithe sin atá beartaithe lena gcaitheamh ag an duine.

2. Ní cheadóidh an t-údarás inniúil coinsíneachtaí ainmhithe, táirgí geirmeacha ná táirgí de bhunadh ainmhíoch teacht isteach san Aontas ó na tríú tíortha, ó na tríú críocha ná ó na criosanna díobh a liostaítear sa tábla a leagtar amach i gCuid 1 d'Iarscríbhinn XXII ach amháin más rud é:

(a) gur coinsíneachtaí de na speicis agus de na catagóirí ainmhithe, táirgí geirmeacha nó táirgí de bhunadh ainmhíoch dá dtagraítear i gcolún 3 den tábla sin iad agus nach é an tAontas a gceann scríbe críochnaitheach;

nó

(b) gur coinsíneachtaí de na speicis agus de na catagóirí ainmhithe, táirgí geirmeacha nó táirgí de bhunadh ainmhíoch dá dtagraítear i gcolún 4 den tábla sin iad agus gur san Aontas a thionscain siad, agus go bhfuil siad á gcur ar ais chuige, tar éis a bheith ar idirthuras trí thríú tír nó trí thríú chríoch.

Airteagal 4

Coinníollacha sonracha agus ráthaíochtaí sláinte ainmhithe maidir le hainmhithe, táirgí geirmeacha agus táirgí de bhunadh ainmhíoch teacht isteach san Aontas

Ní cheadóidh na Ballstáit go ndéanfar na coinsíneachtaí a thagann faoi raon feidhme Rialachán (AE) 2020/692 teacht isteach san Aontas ach amháin má chomhlíontar leis an coinsíneachtaí sin, i gcás inarb infheidhme, na coinníollacha sonracha agus na ráthaíochtaí sláinte ainmhithe a leagtar amach san Iarscríbhinn ábhartha le haghaidh na speiceas agus na gcatóirí sonracha d'ainmhithe, de tháirgí geirmeacha agus de tháirgí de bhunadh ainmhíoch agus le haghaidh an tríú tír, an tríú críoch nó an chreasa di, nó na deighleoige di i gcás ainmhithe dobharshaothraithe.

Airteagal 5

Aisghairmeacha

Aisghairtear na gníomhartha seo a leanas amhail ón 21 Aibreán 2021:

— Cinneadh 2006/168/CE ón gCoimisiún;

— Cinneadh 2008/636/CE ón gCoimisiún;

— Cinneadh 2010/472/AE ón gCoimisiún;

— Cinneadh Cur Chun Feidhme 2011/630/AE ón gCoimisiún;

— Cinneadh 2012/137/AE ón gCoimisiún;

— Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2018/659 ón gCoimisiún;

— Cinneadh (AE) 2019/294 ón gCoimisiún;

— Cinneadh 2000/585/CE ón gCoimisiún.

Airteagal 6

Forálacha idirthréimhseacha

Coinsíneachtaí ainmhithe, táirgí geirmeacha agus táirgí de bhunadh ainmhíoch ó thríú tíortha, ó thríú críocha nó ó chriosanna díobh a bhfuil a dtabhairt isteach san Aontas údaraithe de bhun na ngníomhartha a leanas ón gCoimisiún, agus an deimhniú iomchuí arna eisiúint i gcomhréir leis na gníomhartha sin ón gCoimisiún ag gabháil leo, ceadófar iad le haghaidh an tabhairt isteach san Aontas go dtí an 20 Deireadh Fómhair 2021 ar choinníoll gur shínigh duine an deimhniú arb é an duine é atá údaraithe an deimhniú a shíniú i gcomhréir leis na gníomhartha sin ón gCoimisiún roimh an 21 Lúnasa 2021:

— Cinneadh 2006/168/CE ón gCoimisiún;

— Cinneadh 2007/777/CE ón gCoimisiún;

— Rialachán (CE) Uimh. 798/2008 ón gCoimisiún;
— Cinneadh 2008/636/CE ón gCoimisiún;
— Rialachán (CE) Uimh. 1251/2008 ón gCoimisiún;
— Rialachán (AE) Uimh. 206/2010 ón gCoimisiún;
— Rialachán (AE) Uimh. 605/2010 ón gCoimisiún;
— Cinneadh 2010/472/AE ón gCoimisiún;
— Cinneadh Cur Chun Feidhme 2011/630/AE ón gCoimisiún;
— Rialachán (AE) Uimh. 28/2012 ón gCoimisiún;
— Cinneadh Cur Chun Feidhme 2012/137/AE ón gCoimisiún;
— Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 139/2013 ón gCoimisiún;
— Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2016/759 ón gCoimisiún;
— Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2018/659 ón gCoimisiún;
— Cinneadh (AE) 2019/294 ón gCoimisiún.

Airteagal 7

Teacht i bhfeidhm agus cur i bhfeidhm

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh feidhm aige ón 21 Aibreán 2021.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, 24 Márta 2021.

Thar ceann an Choimisiúin
An tUachtarán
Ursula VON DER LEYEN

IARSCRÍBHINN I

Rialacha ginearálta maidir le hIarscríbhinní II go XXII

Leis an Iarscríbhinn seo, leagtar amach na rialacha ginearálta seo a leanas is infheidhme maidir le hIarscríbhinní II go XXII:

(1) I gcás ina ndéantar na ceanglais sláinte ainmhithe, maidir leis na coinsíneachtaí dá dtagraítear in Airteagal 3 teacht isteach san Aontas, a chomhlíonadh le haghaidh na críche iomláine de thríú tír nó de thríú chríoch thionscnaimh, liostaítear an tríú tír nó an tríú críoch sin leis an léiriú ar a cód ISO fara '0' ina dhiaidh sin.

(2) I gcás nach ndéantar na ceanglais sláinte ainmhithe, maidir leis na coinsíneachtaí dá dtagraítear in Airteagal 3 teacht isteach san Aontas, a chomhlíonadh ach amháin le haghaidh crios de thríú tír nó de thríú críoch thionscnaimh, liostaítear an crios sin leis an léiriú ar a chód ISO fara uimhir seachas '0' ina dhiaidh sin.

Tugtar tuairisc ar na criosanna sin i gCuid 2 den Iarscríbhinn ábhartha.

(3) Na deimhnithe sláinte ainmhithe samplacha maidir leis na coinsíneachtaí dá dtagraítear in Airteagal 3, mar a léirítear sa tábla a leagtar amach i gCuid 1 den Iarscríbhinn ábhartha a ghabhann leis an Rialachán seo, leagtar amach sna hIarscríbhinní seo a leanas iad:

(a) Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/403 ([1]) ón gCoimisiún (SANTE/7088/2020 - deimhnithe TERRE);

(b) Iarscríbhinn III a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/2235 ón gCoimisiún;

(c) Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/2236 ón gCoimisiún.

(4) Leagtar amach na coinníollacha sonracha dá dtagraítear in Airteagal 4, más ann dóibh, sa tábla a leagtar amach i gCuid 1 den Iarscríbhinn ábhartha agus tugtar tuairisc orthu sa tábla a leagtar amach i gCuid 3 den Iarscríbhinn chéanna.

(5) Leagtar amach na ráthaíochtaí sláinte ainmhithe dá dtagraítear in Airteagal 4, más ann dóibh, sa tábla a leagtar amach i gCuid 1 den Iarscríbhinn ábhartha agus tugtar tuairisc orthu sa tábla a leagtar amach i gCuid 4 den Iarscríbhinn chéanna.

(6) Leis na dátaí deiridh agus leis na dátaí oscailte dá dtagraítear sa tábla a leagtar amach i gCuid 1 d'Iarscríbhinní II go XXII, tagraítear do shrianta ama sonracha is infheidhme maidir leis na coinsíneachtaí dá dtagraítear in Airteagal 3 teacht isteach san Aontas ó na criosanna ábhartha, mar a leagtar síos i rialacha an Aontais.

(7) Tá na ceanglais maidir leis an deimhniúchán sláinte ainmhithe le haghaidh na hEilvéise faoi réir an Chomhaontaithe idir an Comhphobal Eorpach agus Cónaidhm na hEilvéise maidir le Trádáil i dTáirgí Talmhaíochta, arna fhormheas le Cinneadh 2002/309/CE, Euratom ón gComhairle, agus ón gCoimisiún a mhéid a bhaineann leis an gComhaontú maidir le Comhar san Eolaíocht agus sa Teicneolaíocht an 4 Aibreán 2002 maidir le tabhairt i gcrích seacht gComhaontú le Cónaidhm na hEilvéise (IO L 114, 30.4.2002, lch. 1).

(8) Tá na deimhnithe sláinte ainmhithe a gceanglaítear ar údarás inniúil na hÍoslainne, na Nua-Shéalainne agus Cheanada iad a eisiúint, i gcomhréir le hIarscríbhinní II go XXI a ghabhann leis an Rialachán seo, faoi réir na gceanglas sonrach maidir le deimhniúchán dá bhforáiltear sna comhaontuithe ábhartha idir an tAontas agus na tríú tíortha sin.

(9) Tá sé le tuiscint go dtagraítear do Stát Iosrael le hiontrálacha le haghaidh Iosrael, agus ní bheidh feidhm acu maidir leis na limistéir gheografacha a tháinig faoi riarachán Stát Iosrael tar éis an 5 Meitheamh 1967, eadhon Arda Golan, Stráice Gaza, Iarúsailéim Thoir agus an chuid eile den Bhruach Thiar.

(10) Agus tagairt á déanamh don tSeirbia, ní áirítear críoch na Cosaive atá faoi riarachán idirnáisiúnta faoi láthair de bhun Rún 1244 ó Chomhairle Slándála na Náisiún Aontaithe an 10 Meitheamh 1999.

(11) Agus tagairt á déanamh don Chosaiv, tá an t-ainmniú seo gan dochar do sheasaimh maidir le stádas, agus tá sé i gcomhréir le UNSCR 1244/1999 agus tuairim CBI maidir le dearbhú neamhspleáchais na Cosaive.

([1]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/403 ón gCoimisiún an 18 Márta 2021 lena leagtar síos rialacha maidir le cur i bhfeidhm Rialacháin (AE) 2016/429 agus (AE) 2017/625 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le deimhnithe sláinte ainmhithe caighdeánacha agus deimhnithe sláinte ainmhithe/oifigiúla caighdeánacha, maidir le coinsíneachtaí de chatagóirí áirithe ainmhithe talún agus a dtáirgí geirmeacha, deimhniúchán oifigiúil maidir leis na deimhnithe sin a thabhairt isteach san Aontas agus maidir lena ngluaiseachtaí idir na Ballstáit, agus lena n aisghairtear Cinneadh 2010/470/AE (IO L 113, 31.3.2021, lch. 1)

IARSCRÍBHINN II

CRÚBACHA (seachas each-ainmhithe agus crúbacha atá sé beartaithe a choinneáil i mbunaíochtaí teoranta)

Cuid 1

Liosta de thríú tíortha, de thríú críocha nó de chriosanna díobh óna n-údaraítear coinsíneachtaí crúbach (seachas each-ainmhithe agus crúbacha atá sé beartaithe a choinneáil i mbunaíochtaí teoranta) teacht isteach san Aontas dá dtagraítear i bpointe (1)(a) d'Airteagal 3

Cód ISO agus ainm an tríú tír nó an tríú críoch	**Cód an chreasa** mar a leagtar amach i gCuid 2	**Speicis** a cheadaítear a thabhairt isteach san Aontas	**Catagóirí** a cheadaítear a thabhairt isteach san Aontas	**Deimhnithe sláinte ainmhithe**	**Coinníollacha sonracha** mar a leagtar amach i gCuid 3	**Ráthaíochtaí sláinte ainmhithe** mar a leagtar amach i gCuid 4	**Dáta deiridh**	**Dáta oscailte**
1	**2**	**3**	**4**	**5**	**6**	**7**	**8**	**9**
CA Ceanada	CA- 0	Bó-ainmhithe	Ainmhithe atá le coimeád a thuilleadh (1)	BOV-X		SF-BTV		
		Ainmhithe den chineál caorach agus ainmhithe den chineál gabhair	Ainmhithe atá le coimeád a thuilleadh (1) agus atá sé beartaithe a mharú	OV/CAP-X, OV/CAP-Y		BRU, SF-BTV		
		Muc-ainmhithe	Ainmhithe atá le coimeád a thuilleadh (1)	SUI-X		ADV		
		Ainmhithe den chineál camaill	Ainmhithe atá le coimeád a thuilleadh (1)	CAM-CER		SF-BTV		
		Crúbacha eile	Ainmhithe atá le coimeád a thuilleadh (1)	RUM, RHINO, HIPPO		SF-BTV (2)		
CH An Eilvéis	CH - 0	Faoi réir an Chomhaontaithe dá dtagraítear i bpointe 7 d'Iarscríbhinn I						
CL An tSile	CL - 0	Bó-ainmhithe	Ainmhithe atá le coimeád a thuilleadh (1)	BOV-X				
		Ainmhithe den chineál caorach agus ainmhithe den chineál gabhair	Ainmhithe atá le coimeád a thuilleadh (1)	OV/CAP-X		BRU		

		Muc-ainmhithe	Ainmhithe atá le coimeád a thuilleadh [1]	SUI-X				
		Ainmhithe den chineál camaill	Ainmhithe atá le coimeád a thuilleadh [1]	CAM-CER				
		Ainmhithe den chineál fia	Ainmhithe atá le coimeád a thuilleadh [1]	CAM-CER				
		Crúbacha eile	Ainmhithe atá le coimeád a thuilleadh [1]	RUM, RHINO, HIPPO				
GL An Ghraonlainn	GL - 0	Ainmhithe den chineál caorach agus ainmhithe den chineál gabhair	Ainmhithe atá le coimeád a thuilleadh [1]	OV/CAP-X				
		Ainmhithe den chineál camaill	Ainmhithe atá le coimeád a thuilleadh [1]	CAM-CER				
		Ainmhithe den chineál fia	Ainmhithe atá le coimeád a thuilleadh [1]	CER-X				
		Crúbacha eile	Ainmhithe atá le coimeád a thuilleadh [1]	RUM, RHINO, HIPPO				
IS An Íoslainn	IS - 0	Bó-ainmhithe	Ainmhithe atá le coimeád a thuilleadh [1] agus atá sé beartaithe a mharú	BOV-X, BOV-Y				
		Ainmhithe den chineál caorach agus ainmhithe den chineál gabhair	Ainmhithe atá le coimeád a thuilleadh [1] agus atá sé beartaithe a mharú	OV/CAP-X, OV/CAP-Y				
		Muc-ainmhithe	Ainmhithe atá le coimeád a thuilleadh [1] agus atá sé beartaithe a mharú	SUI-X, SUI-Y	CSF			

		Ainmhithe den chineál camaill	Ainmhithe atá le coimeád a thuilleadh [1] agus atá sé beartaithe a mharú	CAM-CER				
		Ainmhithe den chineál fia	Ainmhithe atá le coimeád a thuilleadh [1] agus atá sé beartaithe a mharú	CAM-CER				
		Crúbacha eile	Ainmhithe atá le coimeád a thuilleadh [1]	RUM, RHINO, HIPPO				
NZ An Nua-Shéalainn	NZ - 0	Bó-ainmhithe	Ainmhithe atá le coimeád a thuilleadh [1] agus atá sé beartaithe a mharú	BOV-X, BOV-Y		BRU, TB		
		Ainmhithe den chineál caorach agus ainmhithe den chineál gabhair	Ainmhithe atá le coimeád a thuilleadh [1] agus atá sé beartaithe a mharú	OV/CAP-X, OV/CAP-Y		BRU		
		Muc-ainmhithe	Ainmhithe atá le coimeád a thuilleadh [1] agus atá sé beartaithe a mharú	SUI-X, SUI-Y				
		Ainmhithe den chineál camaill	Ainmhithe atá le coimeád a thuilleadh [1] agus atá sé beartaithe a mharú	CAM-CER				
		Ainmhithe den chineál fia	Ainmhithe atá le coimeád a thuilleadh [1] agus atá sé beartaithe a mharú	CAM-CER				

		Crúbacha eile	Ainmhithe atá le coimeád a thuilleadh (1)	RUM, RHINO, HIPPO				
US Na Stáit Aontaithe	US - 0	Muc-ainmhithe	Ainmhithe atá le coimeád a thuilleadh (1)	SUI-X				

(1) Ciallaíonn 'ainmhithe atá le coimeád a thuilleadh' ainmhithe atá beartaithe le haghaidh bunaíochtaí ina gcoimeádtar ainmhithe beo seachas seamlais
(2) Le haghaidh speicis liostaithe i gcomhréir le Rialachán (AE) 2018/1882 (IO L 308, 4.12.2018, lch. 21) agus lena n-aghaidh siúd amháin

CUID 2

Tuairiscí ar chriosanna de thríú tíortha nó de thríú críocha dá dtagraítear i gcolún 2 den tábla a leagtar amach i gCuid 1

Dada

CUID 3

Coinníollacha sonracha dá dtagraítear i gcolún 6 den tábla a leagtar amach i gCuid 1

CSF	Ní mór tástáil a dhéanamh ar choinsíneachtaí muc-ainmhithe ón gcrios dá dtagraítear i gcolún 2 den tábla a leagtar amach i gCuid 1 chun fiabhras na muc a bhrath agus torthaí diúltacha mar thoradh ar an tástáil laistigh den tréimhse 30 lá sula seoltar chuig an Aontas iad

CUID 4

Ráthaíochtaí sláinte ainmhithe dá dtagraítear i gcolún 7 den tábla a leagtar amach i gCuid 1

BRU	Tá saoirse ó ionfhabhtú le *Brucella abortus, B. melitensis agus B.suis* aitheanta ag an Aontas a mhéid a bhaineann leis an speiceas sonrach d'ainmhithe sa tríú tír, sa tríú críoch nó sa chrios dá dtagraítear i gcolún 3 i gcomhréir le hAirteagal 10 de Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/692
TB	Tá saoirse ó ionfhabhtú le coimpléasc *Mycobacterium tuberculosis* (*M. bovis, M. caprae, M. tuberculosis)* aitheanta ag an Aontas a mhéid a bhaineann leis an speiceas sonrach d'ainmhithe sa tríú tír, sa tríú críoch nó sa chrios dá dtagraítear i gcolún 3 i gcomhréir le hAirteagal 10 de Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/692
BTV	Tá saoirse ó ionfhabhtú leis an víreas gormtheanga (séiritíopaí 1-24) aitheanta ag an Aontas a mhéid a bhaineann leis an speiceas sonrach d'ainmhithe sa tríú tír, sa tríú críoch nó sa chrios dá dtagraítear i gcolún 3 i gcomhréir le hAirteagal 10 de Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/692
SF-BTV	Tá saoirse shéasúrach ó ionfhabhtú leis an víreas gormtheanga (séiritíopaí 1-24) aitheanta ag an Aontas a mhéid a bhaineann leis an speiceas sonrach d'ainmhithe sa tríú tír, sa tríú críoch nó sa chrios dá dtagraítear i gcolún 3 i gcomhréir le hAirteagal 10 de Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/692
SF-EHD	Tá saoirse shéasúrach ó ionfhabhtú le víreas an ghalair fuilreatha eipeasótaigh aitheanta ag an Aontas a mhéid a bhaineann leis an speiceas sonrach d'ainmhithe sa tríú tír, sa tríú críoch nó sa chrios dá dtagraítear i gcolún 3 i gcomhréir le hAirteagal 10 de Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/692
LBE	Tá saoirse ó liúcóis bhólachta eansótach aitheanta ag an Aontas a mhéid a bhaineann leis an speiceas sonrach d'ainmhithe sa tríú tír, sa tríú críoch nó sa chrios dá dtagraítear i gcolún 3 i gcomhréir le hAirteagal 10 de Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/692
IBR	Tá saoirse ó rineatraicéiteas tógálach buaibheach/bált-fhaighníteas puchóideach ionfhabhtaíoch aitheanta ag an Aontas a mhéid a bhaineann leis an speiceas sonrach d'ainmhithe sa tríú tír, sa tríú críoch nó sa chrios dá dtagraítear i gcolún 3 i gcomhréir le hAirteagal 10 de Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/692
BVB	Tá saoirse ó bhuinneach víreasach bhólachta aitheanta ag an Aontas a mhéid a bhaineann leis an speiceas sonrach d'ainmhithe sa tríú tír, sa tríú críoch nó sa chrios dá dtagraítear i gcolún 3 i gcomhréir le hAirteagal 10 de Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/692
ADV	Tá saoirse ó ionfhabhtú le víreas ghalar Aujeszky aitheanta ag an Aontas a mhéid a bhaineann leis an speiceas sonrach d'ainmhithe sa tríú tír, sa tríú críoch nó sa chrios dá dtagraítear i gcolún 3 i gcomhréir le hAirteagal 10 de Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/692

IARSCRÍBHINN III

CRÚBACHA ATÁ SÉ BEARTAITHE A CHOINNEÁIL I MBUNAÍOCHTAÍ TEORANTA

CUID 1

Liosta de thríú tíortha, de de thríú críocha nó de chriosanna díobh óna n-údaraítear coinsíneachtaí crúbach teacht isteach san Aontas atá sé beartaithe a choinneáil i mbunaíochtaí teoranta dá dtagraítear i bpointe (b) d'Airteagal 3(1)

Coinsíneachtaí crúbach, seachas each-ainmhithe, ó na tríú tíortha agus na tríú críocha uile a liostaítear sa tábla a leagtar amach sa Chuid seo, ceadaítear iad teacht isteach san Aontas ó bhunaíochtaí teoranta a liostaítear i gcomhréir le hAirteagal 29 de Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/692 chuig bunaíochtaí teoranta san Aontas.

Cód ISO agus ainm an tríú tír nó an tríú críoch	**Cód an chreasa** mar a leagtar amach i gCuid 2	**Deimhnithe sláinte ainmhithe**	**Coinníollacha sonracha** mar a leagtar amach i gCuid 3	**Ráthaíochtaí sláinte ainmhithe** mar a leagtar amach i gCuid 4
1	**2**	**3**	**4**	**5**
AL An Albáin	AL-0	CONFINED-RUM, CONFINED-SUI, CONFINED-TRE, CONFINED-HIPPO		
AR An Airgintín	AR-0	CONFINED-RUM, CONFINED-SUI, CONFINED-TRE, CONFINED-HIPPO		
AU An Astráil	AU-0	CONFINED-RUM, CONFINED-SUI, CONFINED-TRE, CONFINED-HIPPO		
BA An Bhoisnia agus an Heirseagaivéin	BA-0	CONFINED-RUM, CONFINED-SUI, CONFINED-TRE, CONFINED-HIPPO		
BH Bairéin	BH-0	CONFINED-RUM, CONFINED-SUI, CONFINED-TRE, CONFINED-HIPPO		
BR An Bhrasaíl	BR-0	CONFINED-RUM, CONFINED-SUI, CONFINED-TRE, CONFINED-HIPPO		
BW An Bhotsuáin	BW-0	CONFINED-RUM, CONFINED-SUI, CONFINED-TRE, CONFINED-HIPPO		
BY An Bhealarúis	BY-0	CONFINED-RUM, CONFINED-SUI, CONFINED-TRE, CONFINED-HIPPO		

BZ An Bheilís	BZ-0	CONFINED-RUM, CONFINED-SUI, CONFINED-TRE, CONFINED-HIPPO		
CA Ceanada	CA-0	CONFINED-RUM, CONFINED-SUI, CONFINED-TRE, CONFINED-HIPPO		
CH An Eilvéis	CH-0	Faoi réir an Chomhaontaithe, dá dtagraítear i bpointe 7 d'Iarscríbhinn I		
CL An tSile	CL-0	CONFINED-RUM, CONFINED-SUI, CONFINED-TRE, CONFINED-HIPPO		
CN An tSín	CN-0	CONFINED-RUM, CONFINED-SUI, CONFINED-TRE, CONFINED-HIPPO		
CO An Cholóim	CO-0	CONFINED-RUM, CONFINED-SUI, CONFINED-TRE, CONFINED-HIPPO		
CR Cósta Ríce	CR-0	CONFINED-RUM, CONFINED-SUI, CONFINED-TRE, CONFINED-HIPPO		
CU Cúba	CU-0	CONFINED-RUM, CONFINED-SUI, CONFINED-TRE, CONFINED-HIPPO		
DZ An Ailgéir	DZ-0	CONFINED-RUM, CONFINED-SUI, CONFINED-TRE, CONFINED-HIPPO		
ET An Aetóip	ET-0	CONFINED-RUM, CONFINED-SUI, CONFINED-TRE, CONFINED-HIPPO		
FK Oileáin Fháclainne	FK-0	CONFINED-RUM, CONFINED-SUI, CONFINED-TRE, CONFINED-HIPPO		

GL An Ghraonlainn	GL-0	CONFINED-RUM, CONFINED-SUI, CONFINED-TRE, CONFINED-HIPPO		
GT Guatamala	GT-0	CONFINED-RUM, CONFINED-SUI, CONFINED-TRE, CONFINED-HIPPO		
HK Hong Cong	HK-0	CONFINED-RUM, CONFINED-SUI, CONFINED-TRE, CONFINED-HIPPO		
HN Hondúras	HN-0	CONFINED-RUM, CONFINED-SUI, CONFINED-TRE, CONFINED-HIPPO		
IL Iosrael	IL-0	CONFINED-RUM, CONFINED-SUI, CONFINED-TRE, CONFINED-HIPPO		
IN An India	IN-0	CONFINED-RUM, CONFINED-SUI, CONFINED-TRE, CONFINED-HIPPO		
IS An Íoslainn	IS-0	CONFINED-RUM, CONFINED-SUI, CONFINED-TRE, CONFINED-HIPPO		
JP An tSeapáin	JP-0	CONFINED-RUM, CONFINED-SUI, CONFINED-TRE, CONFINED-HIPPO		
KE An Chéinia	KE-0	CONFINED-RUM, CONFINED-SUI, CONFINED-TRE, CONFINED-HIPPO		
MA Maracó	MA-0	CONFINED-RUM, CONFINED-SUI, CONFINED-TRE, CONFINED-HIPPO		
ME Montainéagró	ME-0	CONFINED-RUM, CONFINED-SUI, CONFINED-TRE, CONFINED-HIPPO		

MG Madagascar	MG-0	CONFINED-RUM, CONFINED-SUI, CONFINED-TRE, CONFINED-HIPPO		
MK Poblacht na Macadóine Thuaidh	MK-0	CONFINED-RUM, CONFINED-SUI, CONFINED-TRE, CONFINED-HIPPO		
MU Oileán Mhuirís	MU-0	CONFINED-RUM, CONFINED-SUI, CONFINED-TRE, CONFINED-HIPPO		
MX Meicsiceo	MX-0	CONFINED-RUM, CONFINED-SUI, CONFINED-TRE, CONFINED-HIPPO		
NA An Namaib	NA-0	CONFINED-RUM, CONFINED-SUI, CONFINED-TRE, CONFINED-HIPPO		
NC An Nua-Chaladóin	NC-0	CONFINED-RUM, CONFINED-SUI, CONFINED-TRE, CONFINED-HIPPO		
NI Nicearagua	NI-0	CONFINED-RUM, CONFINED-SUI, CONFINED-TRE, CONFINED-HIPPO		
NZ An Nua-Shéalainn	NZ-0	CONFINED-RUM, CONFINED-SUI, CONFINED-TRE, CONFINED-HIPPO		
PA Panama	PA-0	CONFINED-RUM, CONFINED-SUI, CONFINED-TRE, CONFINED-HIPPO		
PY Paragua	PY-0	CONFINED-RUM, CONFINED-SUI, CONFINED-TRE, CONFINED-HIPPO		
RS An tSeirbia	RS-0	CONFINED-RUM, CONFINED-SUI, CONFINED-TRE, CONFINED-HIPPO		

RU An Rúis	RU-0	CONFINED-RUM, CONFINED-SUI, CONFINED-TRE, CONFINED-HIPPO		
SG Singeapór	SG-0	CONFINED-RUM, CONFINED-SUI, CONFINED-TRE, CONFINED-HIPPO		
SV An tSalvadóir	SV-0	CONFINED-RUM, CONFINED-SUI, CONFINED-TRE, CONFINED-HIPPO		
SZ Eswatini	SZ-0	CONFINED-RUM, CONFINED-SUI, CONFINED-TRE, CONFINED-HIPPO		
TH An Téalainn	TH-0	CONFINED-RUM, CONFINED-SUI, CONFINED-TRE, CONFINED-HIPPO		
TN An Túinéis	TN-0	CONFINED-RUM, CONFINED-SUI, CONFINED-TRE, CONFINED-HIPPO		
TR An Tuirc	TR-0	CONFINED-RUM, CONFINED-SUI, CONFINED-TRE, CONFINED-HIPPO		
UA An Úcráin	UA-0	CONFINED-RUM, CONFINED-SUI, CONFINED-TRE, CONFINED-HIPPO		
US Na Stáit Aontaithe	US-0	CONFINED-RUM, CONFINED-SUI, CONFINED-TRE, CONFINED-HIPPO		
UY Uragua	UY-0	CONFINED-RUM, CONFINED-SUI, CONFINED-TRE, CONFINED-HIPPO		
ZA An Afraic Theas	ZA-0	CONFINED-RUM, CONFINED-SUI, CONFINED-TRE, CONFINED-HIPPO		

ZW An tSiombáib	ZW-0	CONFINED-RUM, CONFINED-SUI, CONFINED-TRE, CONFINED-HIPPO		

CUID 2

Tuairiscí ar chriosanna de thríú tíortha nó de de thríú críocha dá dtagraítear i gcolún 2 den tábla a leagtar amach i gCuid 1

Dada

CUID 3

Coinníollacha sonracha dá dtagraítear i gcolún 4 den tábla a leagtar amach i gCuid 1

Dada

CUID 4

– Ráthaíochtaí sláinte ainmhithe dá dtagraítear i gcolún 5 den tábla a leagtar amach i gCuid 1

Tá feidhm ag na ráthaíochtaí sláinte ainmhithe a sholáthraítear sa tábla a leagtar amach i gCuid 4 d'Iarscríbhinn II.

IARSCRÍBHINN IV

EACH-AINMHITHE

CUID 1

Liosta de thríú tíortha, de de thríú críocha nó de chriosanna díobh óna n-údaraítear coinsíneachtaí each-ainmhithe teacht isteach san Aontas dá dtagraítear i bpointe (1)(c) d'Airteagal 3

Cód ISO agus ainm an tríú tír nó an tríú críoch	**An crios** mar a leagtar amach i gCuid 2 d'Iarscríbhinn II	**An grúpa sláintíochta**	**Catagóirí** a cheadaítear a thabhairt isteach san Aontas	**Deimhnithe sláinte ainmhithe**	**Coinníollacha sonracha** mar a leagtar amach i gCuid 3	**Ráthaíochtaí sláinte ainmhithe** mar a leagtar amach i gCuid 4	**Dáta deiridh**	**Dáta oscailte**
1	**2**	**3**	**4**	**5**	**6**	**7**	**8**	**9**
AE Aontas na nÉimíríochtaí Arabacha	AE - 0	E	Capaill chláraithe	EQUI-X, EQUI-TRANSIT-X, EQUI-RE-ENTRY-30, EQUI-RE-ENTRY-90-COMP, EQUI-RE-ENTRY-90-RACE				
AR An Airgintín	AR - 0	D	Capaill chláraithe; each-ainmhithe cláraithe; each-ainmhithe eile nach bhfuil sé beartaithe iad a mharú; each-ainmhithe atá sé beartaithe a mharú	EQUI-X, EQUI-TRANSIT-X, EQUI-Y, EQUI-TRANSIT-Y, EQUI-RE-ENTRY-30, EQUI-RE-ENTRY-90-COMP, EQUI-RE-ENTRY-90-RACE				
AU An Astráil	AU - 0	A	Capaill chláraithe; each-ainmhithe cláraithe; each-ainmhithe eile nach bhfuil sé beartaithe iad a mharú; each-ainmhithe atá sé beartaithe a mharú	EQUI-X, EQUI-TRANSIT-X, EQUI-Y, EQUI-TRANSIT-Y, EQUI-RE-ENTRY-30, EQUI-RE-ENTRY-90-COMP, EQUI-RE-ENTRY-90-RACE				

BA An Bhoisnia agus an Heirseagaivéin	BA-0	B	Capaill chláraithe	EQUI-X, EQUI-TRANSIT-X, EQUI-RE-ENTRY-30 EQUI-RE-ENTRY-90-COMP, EQUI-RE-ENTRY-90-RACE				
BB Barbadós	BB - 0	D	Capaill chláraithe	EQUI-X, EQUI-TRANSIT-X, EQUI-RE-ENTRY-30, EQUI-RE-ENTRY-90-COMP, EQUI-RE-ENTRY-90-RACE				
BH Bairéin	BH - 0	D	Capaill chláraithe	EQUI-X, EQUI-TRANSIT-X, EQUI-RE-ENTRY-30, EQUI-RE-ENTRY-90-COMP, EQUI-RE-ENTRY-90-RACE				
BM Beirmiúda	BM - 0	D	Capaill chláraithe	EQUI-X, EQUI-TRANSIT-X, EQUI-RE-ENTRY-30, EQUI-RE-ENTRY-90-COMP, EQUI-RE-ENTRY-90-RACE				
BO An Bholaiv	BO - 0	D	Capaill chláraithe	EQUI-X, EQUI-TRANSIT-X, EQUI-RE-ENTRY-30, EQUI-RE-ENTRY-90-COMP, EQUI-RE-ENTRY-90-RACE				
BR An Bhrasaíl	BR-1	D	Capaill chláraithe	EQUI-X, EQUI-TRANSIT-X, EQUI-RE-ENTRY-30, EQUI-RE-ENTRY-90-COMP, EQUI-RE-ENTRY-90-RACE				

BY An Bhealarúis	BY - 0	B	Capaill chláraithe; each-ainmhithe cláraithe; each-ainmhithe eile nach bhfuil sé beartaithe iad a mharú; each-ainmhithe atá sé beartaithe a mharú	EQUI-X, EQUI-TRANSIT-X, EQUI-Y, EQUI-TRANSIT-Y, EQUI-RE-ENTRY-30, EQUI-RE-ENTRY-90-COMP, EQUI-RE-ENTRY-90-RACE				
CA Ceanada	CA - 0	C	Capaill chláraithe; each-ainmhithe cláraithe; each-ainmhithe eile nach bhfuil sé beartaithe iad a mharú; each-ainmhithe atá sé beartaithe a mharú	EQUI-X, EQUI-TRANSIT-X, EQUI-Y, EQUI-TRANSIT-Y, EQUI-RE-ENTRY-30, EQUI-RE-ENTRY-90-COMP, EQUI-RE-ENTRY-90-RACE				
CH An Eilvéis	CH-0	A	Faoi réir an Chomhaontaithe dá dtagraítear i bpointe 7 d'Iarscríbhinn I					
CL An tSile	CL-0	C	Capaill chláraithe; each-ainmhithe cláraithe; each-ainmhithe eile nach bhfuil sé beartaithe iad a mharú; each-ainmhithe atá sé beartaithe a mharú	EQUI-X, EQUI-TRANSIT-X, EQUI-Y, EQUI-TRANSIT-Y, EQUI-RE-ENTRY-30, EQUI-RE-ENTRY-90-COMP, EQUI-RE-ENTRY-90-RACE				
CN An tSín	CN-1	G	Capaill chláraithe	EQUI-X, EQUI-TRANSIT-X, EQUI-RE-ENTRY-30, EQUI-RE-ENTRY-90-COMP, EQUI-RE-ENTRY-90-RACE				
	CN-2	G	Capaill chláraithe	EQUI-RE-ENTRY-30, EQUI-RE-ENTRY-90-COMP				

CR Cósta Ríce	CR-1	D	Capaill chláraithe	EQUI-RE-ENTRY-30, EQUI-RE-ENTRY-90-COMP, EQUI-RE-ENTRY-90-RACE				
CU Cúba	CU-0	D	Capaill chláraithe	EQUI-X, EQUI-TRANSIT-X, EQUI-RE-ENTRY-30, EQUI-RE-ENTRY-90-COMP, EQUI-RE-ENTRY-90-RACE				
DZ An Ailgéir	DZ-0	E	Capaill chláraithe; each-ainmhithe cláraithe; each-ainmhithe eile nach bhfuil sé beartaithe iad a mharú; each-ainmhithe atá sé beartaithe a mharú	EQUI-X, EQUI-TRANSIT-X, EQUI-Y, EQUI-TRANSIT-Y, EQUI-RE-ENTRY-30, EQUI-RE-ENTRY-90-COMP, EQUI-RE-ENTRY-90-RACE				
EG An Éigipt	EG-1	E	Capaill chláraithe	EQUI-X, EQUI-TRANSIT-X,				
FK Oileáin Fháclainne	FK-0	A	Capaill chláraithe; each-ainmhithe cláraithe; each-ainmhithe eile nach bhfuil sé beartaithe iad a mharú	EQUI-X, EQUI-TRANSIT-X, EQUI-RE-ENTRY-30, EQUI-RE-ENTRY-90-COMP, EQUI-RE-ENTRY-90-RACE				
GL An Ghraonlainn	GL-0	A	Capaill chláraithe; each-ainmhithe cláraithe; each-ainmhithe eile nach bhfuil sé beartaithe iad a mharú; each-ainmhithe atá sé beartaithe a mharú	EQUI-X, EQUI-TRANSIT-X, EQUI-Y, EQUI-TRANSIT-Y, EQUI-RE-ENTRY-30, EQUI-RE-ENTRY-90-COMP, EQUI-RE-ENTRY-90-RACE				

HK Hong Cong	HK-0	G	Capaill chláraithe	EQUI-X, EQUI-TRANSIT-X, EQUI-RE-ENTRY-30, EQUI-RE-ENTRY-90-COMP, EQUI-RE-ENTRY-90-RACE				
IL Iosrael	IL-0	E	Capaill chláraithe; each-ainmhithe cláraithe; each-ainmhithe eile nach bhfuil sé beartaithe iad a mharú; each-ainmhithe atá sé beartaithe a mharú	EQUI-X, EQUI-TRANSIT-X, EQUI-Y, EQUI-TRANSIT-Y, EQUI-RE-ENTRY-30, EQUI-RE-ENTRY-90-COMP, EQUI-RE-ENTRY-90-RACE				
IS An Íoslainn	IS-0	A	Capaill chláraithe; each-ainmhithe cláraithe; each-ainmhithe eile nach bhfuil sé beartaithe iad a mharú; each-ainmhithe atá sé beartaithe a mharú	EQUI-X, EQUI-TRANSIT-X, EQUI-Y, EQUI-TRANSIT-Y, EQUI-RE-ENTRY-30, EQUI-RE-ENTRY-90-COMP, EQUI-RE-ENTRY-90-RACE				
JM Iamáice	JM-0	D	Capaill chláraithe	EQUI-X, EQUI-TRANSIT-X, EQUI-RE-ENTRY-30, EQUI-RE-ENTRY-90-COMP, EQUI-RE-ENTRY-90-RACE				
JO An Iordáin	JO-0	E	Capaill chláraithe	EQUI-X, EQUI-TRANSIT-X, EQUI-RE-ENTRY-30, EQUI-RE-ENTRY-90-COMP, EQUI-RE-ENTRY-90-RACE				

JP An tSeapáin	JP-0	G	Capaill chláraithe	EQUI-X, EQUI-TRANSIT-X, EQUI-RE-ENTRY-30, EQUI-RE-ENTRY-90-COMP, EQUI-RE-ENTRY-90-RACE				
KG An Chirgeastáin	KG-1	B	Capaill chláraithe	EQUI-X, EQUI-TRANSIT-X				
KR An Chóiré Theas	KR-0	G	Capaill chláraithe	EQUI-X, EQUI-TRANSIT-X, EQUI-RE-ENTRY-30, EQUI-RE-ENTRY-90-COMP, EQUI-RE-ENTRY-90-RACE				
